RÚN (AE) 2022/1838 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0078/2022),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach ("an Comhghnóthas") in 2018 le Rialachán (AE) 2018/1488 ón gComhairle ([1]) don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026 agus é mar mhisean aige bonneagar comhtháite sár-ríomhaireachta agus sonraí den chéad scoth a fhorbairt, a imscaradh, a leathnú agus a chothabháil san Aontas agus éiceachóras ríomhaireachta ardfheidhmíochta atá thar a bheith iomaíoch agus nuálach a fhorbairt agus tacú leis;

B. de bhrí go ndearnadh uathriail ar an gComhghnóthas an 23 Meán Fómhair 2020;

C. de bhrí gurb iad an tAontas, arna ionadú ag an gCoimisiún, tíortha atá ina gcomhaltaí den Chomhghnóthas (na "Stáit Rannpháirteacha") agus na cumainn phríobháideacha atá ina gcomhaltaí den Chomhghnóthas (arna n-ionadú ag an Ardán Eorpach Teicneolaíochta don Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (ETP4HPC) agus ag na Comhlachais um Luach Mórshonraí, (BDVA)) comhaltaí bunaidh an Chomhghnóthais faoi Rialachán (AE) 2018/1488 (na comhaltaí príobháideacha);

D. de bhrí gurb é EUR 486 000 000 ranníocaíocht uasta airgeadais an Aontais leis an gComhghnóthas (lena n-áirítear leithreasuithe CSTE) faoi Rialachán (AE) 2018/1488, arb é atá inti uasmhéid EUR 386 000 000 ó Fhís 2020, lena n-áirítear EUR 10 000 000 ar a laghad le haghaidh costais riaracháin, agus uasmhéid EUR 100 000 000 ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa; de bhrí go ndéanfaidh na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíocht EUR 10 000 000 ar a laghad le costais riaracháin an Chomhghnóthais agus, ina theannta sin, go ndéanfaidh siad ranníocaíocht le costais oibriúcháin an Chomhghnóthais, ar ranníocaíocht í atá i gcomhréir le ranníocaíocht airgeadais an Aontais (EUR 486 000 000); de bhrí go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíocht EUR 476 000 000 ar a laghad le costais oibriúcháin an Chomhghnóthais; de bhrí go ndéanfaidh na comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí EUR 422 000 000 ar a laghad leis an gComhghnóthas, lena n-áirítear EUR 2 000 000 le haghaidh costais riaracháin, nó go socróidh siad go ndéanfaidh a gcomheintitis agus a n-eintitis chleamhnaithe na ranníocaíochtaí sin; de bhrí, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020, go ndéanfar tús-ualú ar ranníocaíocht an Aontais le costais riaracháin chun costais oibriúcháin a chumhdach go dtí 2023, agus go dtí 2023 amháin; de bhrí go gcumhdóidh na Stáit Rannpháirteacha agus na comhaltaí príobháideacha costais riaracháin an Chomhghnóthais ina n-iomláine ó 2024 amach;

Barúlacha ginearálta

1. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún, an 18 Meán Fómhair 2020, rialachán nua ón gComhairle lena gceadaítear don Chomhghnóthas leanúint d'fhorbairt na ríomhaireachta ardfheidhmíochta san Eoraip don chéad 10 mbliana eile i gcomhthéacs chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, a glacadh le déanaí; ag tabhairt dá haire gurb é an toradh a bhí air sin gur glacadh Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle ([2]); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur athraigh BDVA a ainm go "Data, AI and Robotics" (DAIRO) in 2020;

2. ag tabhairt dá haire gur tharla an t-aistriú sa chóras cuntasaíochta i mí Mheán Fómhair 2020 agus gur aistrigh an Coimisiún cistí i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus gur ceapadh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin mar oifigeach cuntasaíochta an Chomhghnóthais i mí an Mheithimh 2020;

([1]) IO L 252, 8.10.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488 (IO L 256, 19.7.2021, lch. 3).

Bainistiú buiséid agus airgeadais

3. ag tabhairt dá haire sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais ("tuarascáil na Cúirte") go meastar go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla 2020, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais an Chomhghnóthais an 31 Nollaig 2020, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain sin a tháinig chun deiridh, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go luaitear sa tuarascáil ón gCúirt go bhfuil na na hidirbhearta is bun leis na cuntais dleathach agus rialta, ar gach slí ábhartha;

4. ag tabhairt dá haire gur EUR 190 919 000 in airgead tirim ar an iomlán a bhí sna ranníocaíochtaí a rinne an tAontas ag deireadh 2020, lena n-áirítear EUR 188 549 000 le haghaidh costais oibriúcháin agus EUR 2 370 000 le haghaidh costais riaracháin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur EUR 28 862 000 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó Stáit Rannpháirteacha ag deireadh 2020; ag tabhairt dá haire, sa ranníocaíocht airgid thirim le costais oibiúcháin, go n-áirítear freisin EUR 12 296 000 i ranníocaíochtaí airgid thirim neamhíoctha a bhaineann le 2020, ar eisíodh ordú aisghabhála ina leith, ach nár tiontaíodh go hairgead tirim go fóill iad; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, ag deireadh na bliana 2020, nach raibh aon ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe déanta ag na Stáit Rannpháirteacha nó ag na comhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí oibríochtúla;

5. ag tabhairt dá haire, i mbuiséad deiridh an Chomhghnóthais a bhí ar fáil don bhliain airgeadais 2020, ar buiséad é lena n-áirítear leithreasuithe ath-iontráilte ó bhlianta roimhe sin, ioncam sannta agus ath-leithdháiltí don chéad bhliain eile, go raibh EUR 509 075 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 181 489 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí san áireamh ann; ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte gurbh ionann na rátaí cur chun feidhme le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus 95,5 % agus 22,5 % faoi seach do thionscadail an chláir Fís 2020, agus gurb é is cúis leis an leibhéal íseal cur chun feidhme i dtaca leis na leithreasuithe íocaíochta ná go ndearna an Coimisiún an buiséad íocaíochta bliantúil iomlán a aistriú chuig an gComhghnóthas nuair a bhain sé a uathriail airgeadais amach an 23 Meán Fómhair 2020;

6. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, mar thoradh ar mhoilleanna ar earcú príomhbhall foirne, mar aon le tionchar phaindéim COVID-19 ar na costais a bhí beartaithe le haghaidh TF, cumarsáid, misin, cruinnithe, imeachtaí agus seirbhísí eile, gur laghdaíodh go suntasach na rátaí cur chun feidhme i dtaca leis an mbuiséad íocaíochta riaracháin, arbh ionann é agus thart ar 1,5 % den bhuiséad iomlán a bhí ar fáil, go 16,5 % ag deireadh 2020; ag tabhairt dá haire nár bhain an Comhghnóthas úsáid as na leithreasuithe uile faoi chomhair gealltanas maidir le riarachán agus nár gealladh ach 29 % faoi Theideal 1, agus nár gealladh ach 19 % faoi Theideal 2 mar gheall ar an bpaindéim agus an fíoras go ndearnadh uathriail ar an gComhghnóthas i mí Mheán Fómhair 2020;

7. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte, le haghaidh 2020, go raibh buiséad íocaíochta oibríochtúil an Chomhghnóthais beartaithe le haghaidh réamh-mhaoiniú a bhaineann leis an trí réamhtheachtaí a bhí ann roimh shár-ríomhairí eacsascálaithe agus cúig shár-ríomhairí peiteascála (PetaSC) a fháil le haghaidh suim EUR 134 874 000 agus le haghaidh glaonna comhlánaithe ar thograí le haghaidh méid EUR 44 052 000; ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, nach bhféadfaí íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a dhéanamh ach amháin i leith na gconarthaí sínithe a bhaineann le réamhtheachtaí ríomhairí eacsascálaithe (Leonardo) agus PetaSC, arb ionann iad agus EUR 34 288 000, agus i leith comhaontuithe deontais sínithe, arb ionann iad agus EUR 6 083 000, agus go raibh ráta íseal cur chun feidhme de 22,6 % i dtaca le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibriúcháin mar thoradh air sin; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

Soláthar agus Foireann

8. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, go raibh 11 earcú curtha i gcrích, lena n-áirítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus go bhfuil an fhoireann a roghnaíodh ag obair don Chomhghnóthas; ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, ós rud é nach mór aghaidh a thabhairt go fóill ar an ngá atá le bpríomhfhoireann riaracháin, go bhfuil rioscaí ann ó thaobh laigí i mbainistiú airgeadais, buiséid agus foirne, agus sna próisis rialaithe inmheánaigh le haghaidh íocaíochtaí oibríochtúla agus ranníocaíochtaí comhchineáil, agus go bhféadfadh leibhéal suntasach iomlaoide foirne a bheith mar thoradh ar chion ard na foirne conarthacha (74 %) go luath, rud a mhéadóidh tuilleadh na rioscaí dá chórais bhainistíochta; á chur i bhfios go bhféadfadh sé sin tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht fhoriomlán an Chomhghnóthais, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta agus éifeachtúlacht níos ísle foirne; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon fhorbairt i dtaca leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

9. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, ó thuarascáil na Cúirte go measann an Chúirt nach bhfuil foireann leordhóthanach ag an gComhghnóthas faoi láthair i bhfianaise an ualaigh oibre atá air i ndáil leis na próisis riaracháin agus oibríochtúla agus na chéad ghníomhaíochtaí tábhachtacha atá aige, agus gur dhírigh an Comhghnóthas, le linn shocrú eagraíochtúil 2020, go príomha ar na príomhphróisis agus na príomhchúraimí oibríochtúla a áirithiú, ach nach raibh sé in ann, faoin bplean bunaíochta comhaontaithe, príomhfhoireann riaracháin a earcú, go háirithe an ceann riaracháin agus airgeadais agus an bainisteoir um rialú inmheánach agus um chomhordú iniúchóireachta; ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil bhliantúil an Chomhghnóthais, a luaithe is a bhí an Comhghnóthas uathrialach, gur cuireadh tús leis an earcaíocht d'oifigeach buiséid agus cuntasaíochta, d'oifigeach dlí agus d'oifigeach acmhainní daonna ag deireadh 2020 agus go ndeachaigh an triúr ball foirne i dtrácht i mbun oibre in 2021;

10. ag tabhairt dá haire, agus is cúis bhuartha di, go mbaineann dúshláin le paindéim COVID-19 d'fhostaithe, go háirithe agus dálaí maireachtála éagsúla, an easpa rochtana ar spás oifige agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an leithlisiú á gcur san áireamh; á iarraidh ar an gComhghnóthas díriú ar dhea-bhail na bhfostaithe, ar bhainistiú struis agus ar chothromaíocht oibre is saoil; á iarraidh ar bhainistíocht an Chomhghnóthais a áirithiú go mbeidh struchtúir tacaíochta iomchuí i bhfeidhm chun dea-bhail shíceolaíoch na foirne a áirithiú;

11. ag tabhairt dá haire gur seoladh ocht nglao ar shár-ríomhairí (trí réamhtheachtaí eicsea-scála agus cúig réamhtheachtaí pheiteascála) in 2019 agus go ndearnadh meastóireacht orthu le linn 2020; ag tabhairt dá haire, tar éis dó an uathriail a bhaint amach, gur shínigh an Comhghnóthas conarthaí le haghaidh sé ríomhaire ardfheidhmíochta — níos cruinne fós, ceithre chonradh le haghaidh sár-ríomhairí peiteascála (MeluXina, Euro-IT4I/Karolina, VEGA agus PetaSC/Discoverer) agus dhá réamhtheachtaí le haghaidh sár-ríomhairí eicsea-scála (Leonardo agus LUMI);

12. ag tabhairt dá haire gur tugadh fógra foirmiúil don Chomhghnóthas go bhfuil achomharc seolta ag díoltóir chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun cinneadh ón gComhghnóthas an 29 Meán Fómhair 2020 a neamhniú, cinneadh a bhain le nós imeachta chun réamhtheachtaithe na sár-ríomhairí eicsea-scála a fháil, a sheachadadh agus a shuiteáil, agus crua-earraí agus bogearraí na sár-ríomhairí sin a chothabháil; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon fhorbairt i dtaca leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Feidhmíocht

13. ag cur sonrú ar thrí phríomhchuspóir an Chomhghnóthais in 2020, eadhon uathriail a bhaint amach, glaonna taighde agus nuálaíochta 2020 a chur chun feidhme, agus gníomhaíochtaí bonneagair a chur chun feidhme;

14. ag tabhairt dá haire gur seoladh dhá ghlao in 2019 ("I dTreo Teicneolaíochtaí agus Feidhmchláir Mhórscála' agus 'Úsáid agus bonn scileanna na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta a Nuáil agus a Leathnú"), agus dhá ghlao in 2020 ("Ardtreoirthionscnaimh i dtreo sár-ríomhairí Eorpacha agus treoirthionscnamh ar ionsamhlóir chandamach" agus "Comhaontú um Chomhpháirtíocht Réime i dteicneolaíochtaí Eorpacha micreaphróiseálaí ísealchumhachta (Céim 2)") i gcomhréir leis na pleananna oibre bliantúla ábhartha;

15. á chur in iúl gur geal léi, mar a cuireadh chun suntais sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2020 ón gComhghnóthas, as 37 saineolaí san iomlán, gur mná iad 43 % díobh, gur fir iad 57 % díobh agus gur tháinig siad as 23 thír éagsúla; á mholadh don Chomhghnóthas leanúint den leibhéal cothromaíochta inscne sin a choinneáil;

16. ag tabhairt dá haire, in 2020, nach bhfuil ach roinnt eochairtháscairí feidhmíochta ginearálta de chuid an chláir Fís 2020 sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2020 agus go ndéanfar eochairtháscairí feidhmíochta deiridh an Chomhghnóthais don chlár Fís Eorpach a nuashonrú i gcomhréir le Rialachán athbhreithnithe an Chomhghnóthais a glacadh i mí Lúnasa 2021; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

Rialú inmheánach

17. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, go bhfuil nósanna imeachta rialaithe *ex-ante* iontaofa curtha ar bun ag an gComhghnóthas bunaithe ar athbhreithnithe airgeadais agus oibríochtúla doiciméad, agus, ag deireadh 2020, gur chuir an Comhghnóthas creat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin chun feidhme, ar creat é atá bunaithe ar 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh den chuid is mó, ach, mar sin féin, i gcás na bprionsabal rialaithe a bhaineann le measúnú riosca, agus le gníomhaíochtaí rialaithe agus faireacháin, go bhfuil gá ann fós roinnt gníomhaíochtaí a chur i gcrích; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

18. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, ag deireadh 2020, nach raibh nósanna imeachta iontaofa forbartha ag an gComhghnóthas chun ranníocaíochtaí comhchineáil arna ndearbhú ag na Stáit Rannpháirteacha agus ag na comhaltaí príobháideacha a bhailíochtú agus a dheimhniú, agus nár bhunaigh sé nós imeachta cuntasaíochta iomchuí chun na ranníocaíochtaí comhchineáil sin a aithint ach oiread; ag tabhairt chun suntais go gcuireann an staid sin bac ar chumas an Chomhghnóthais bainistiú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthú an leibhéil íosta ranníocaíochtaí comhchineáil atá le déanamh ag na Stáit Rannpháirteacha agus ag na comhaltaí phríobháideacha; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta éagsúla ann ar fud na gComhghnóthas maidir le ríomh na ranníocaíochtaí comhchineáil agus á iarraidh go ndéanfar iad a chomhchuibhiú;

Coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú, agus straitéis frithchalaoise

19. ag tabhairt dá haire go bhfuil sraith chuimsitheach rialacha agus nósanna imeachta forbartha ag an gComhghnóthas chun creat soiléir a chur ar fáil dá mbaill foirne i dtaca lena gcuid oibre agus go bhfuil feidhm ag na rialacha sin ar fud a struchtúir rialachais ina iomláine;

20. ag tabhairt dá haire gur ghlac Bord Rialaithe an Chomhghnóthais an comhstraitéis frithchalaoise taighde agus go gcuirfidh sé chun feidhme í i gcomhréir le cinneadh Uimh. 7/2021 uaidh.